



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2018
(OR. en)

9539/18

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0211 (COD)**

**GAF 22
FIN 414
UD 114
AGRI 258
ENFOCUSTOM 114
JAI 544
ENFOPOL 287
EPPO 13
CADREFIN 52
CODEC 902**

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	30 Bealtaine 2018
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2018) 386 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Clár Frithchlaoise an Aontais Eorpaigh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 386 final ón gCoimisiún.

Faoi iamh: COM(2018) 386 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.5.2018
COM(2018) 386 final

2018/0211 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh

{SWD(2018) 294 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

I gcomhthéacs an ullmhúcháin don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile, ba cheart clár a bhunú chun tacú le cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus le cúnamh riaracháin frithpháirteach idir na húdaráis chustaim.

Rinneadh meastóireacht *ex-ante* ar an gclár nua, i gcomhréir le hAirteagal 30(4) de Rialachán Airgeadais 2016, i bhfoirm Doiciméad Inmheánach Oibre.

Foráiltear leis an togra seo gurb é an 1 Eanáir 2021 an dáta teacht i bhfeidhm agus tá sé á thíolacadh d'Aontas ina mbeidh 27 mBallstát, i gcomhréir leis an bhfógra a fuair an Chomhairle Eorpach an 29 Márta 2017 ón Ríocht Aontaithe go bhfuil sé beartaithe ag an Ríocht Aontaithe tarraingt siar ón Aontas Eorpach agus ó Euratom bunaithe ar Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

• Forais agus cuspóirí

Déantar foráil in Airteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le hoibleagáid chomhroinnte na mBallstát agus an tAontas Eorpach, leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Déantar foráil in Airteagal 33 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le comhar custaim a neartú idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus an Coimisiún. Ag gabháil le cur chun feidhme bhuiséid ilbhliantúla an Aontais roimhe seo, bhí tacar beart chun tacú leis na Ballstáit agus leis an Aontas ina iomláine calaois a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais a chosc agus a chomhrac, agus chun tacú le cúnamh riaracháin frithpháirteach agus comhar in ábhair chustaim agus thalmhaíochta. Ar na bearta sin tá (i) clár caiteachais Hercule III¹ a thacaíonn le gníomhaíochtaí i gcoinne calaoise, éillithe agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais, (ii) an Córas Faisnéis Frith-Chalaoise (AFIS) ar gníomhaíocht oibriochtúil é ina bhfuil, go bunúsach, tacar d'fheidhmchláir chustaim TF arna n-oibriú faoi chóras coiteann faisnéise arna bhainistiú ag an gCoimisiún agus arna bhunú chun na tascanna a chuirtear de chúram ar an gCoimisiún le Rialachán 515/97² a dhéanamh, agus (iii) an Córas Bainistíochta Neamhrialtachtaí (IMS) ar uirlis chumarsáide leictreonaí shlán é a éascaíonn an oibleagáid atá ar na Ballstáit neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, a bhraitear a thuairisciú, agus a thacaíonn le bainistiú agus anailísiú na neamhrialtachtaí sin. Cé go bhfuil sé deacair tionchar airgeadais na mbearta sin a mheas, bhí siad ina gcuidiú chun méideanna móra airgid a thabhairt ar ais isteach i mbuiséad an Aontais. Mar shampla, mhaoinigh Hercule forbairt na huirlise uathoibrithe faireacháin, uirlis TF a aithníonn aimhrialtachtaí i sreafaí trádála. Úsáideadh é in oibriochtaí éagsúla custaim agus bhí ról lárnach aige i scéimeanna móra calaoise a bhain le gearrluacháil a aithint in allmhairiú teicstíle agus coisbhirt ó thríú tíortha.

Léiríonn taithí san am a chuaigh thart go mbíonn tionchar ag calaois agus ag neamhrialtachtaí araon ar leasanna airgeadais an Aontais. Gach bliain, léiríonn an tuarascáil bhliantúil ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais³ gur gá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun dul i ngleic leis na neamhrialtachtaí sin, lena n-áirítear calaois, cé go mbíonn líon na neamhrialtachtaí sin ag athrú. Ina

¹ Rialachán (AE) Uimh.250/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 lena mbunaítear clár chun gníomhaíochtaí i réimse na cosanta ar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn (clár Hercule III) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 804/2004/CE (IO L 84, 20.3.2014, lch. 6).

² Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart, arna leasú go deireanach ag Rialachán 2015/1525 (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1).

³ Tá na tuarascálacha ar fad maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin: https://ec.europa.eu/anti-fraud/about-us/reports/communities-reports_en.

theannta sin, cuirfear an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile chun feidhme agus athruithe suntasach á ndéanamh ar an gcreat reachtach agus institiúideach chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, go háirithe ó thaobh bhunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus chur chun feidhme Threoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (an Treoir maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint)⁴.

Ó thaobh chur chun feidhme an bhuiséid de, ní clár maoiniúcháin é IMS ach is gníomhaíocht oibríochtúil é. Cuirtear de chúram ar an gCoimisiún, le reachtaíocht earnála, gníomhaíochtaí IMS a dhéanamh. Ní foláir IMS a chothabháil agus a fhorbairt chun go mbeidh na Ballstáit in ann a n-oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh agus na sonraí is gá a sholáthar don Choimisiún chun anailís a dhéanamh ar na príomhrudaí atá bainte amach acu i dtaca le neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, a bhrath agus a thuairisciú, ar neamhrialtachtaí iad a bhaineann le buiséad an Aontais i réimsí na bainistíochta comhroinnte agus in ábhair a bhaineann le réamhaontachas.

Amhail IMS, is gníomhaíocht oibríochtúil é AFIS ó thaobh chur chun feidhme an bhuiséid de. Go háirithe agus grúpaí coiriúla ag éirí níos sofaisticiúla, agus dúshlán nua ag teacht chun cinn i dtaobh an chomhraic i gcoinne na calaoise, lena n-áirítear i dtaca le héabhlóidí teicneolaíochta, níl aon mhaolú ar an ngá le cúnamh riaracháin frithpháirteach idir na húdaráis chustaim agus le comhar leis an gCoimisiún.

Le bunú Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh leanfar, den chuid is mó, lena raibh ar siúl faoin gclár Hercule III ach déanfar roinnt feabhsuithe air, amhail an fhéidearthacht tionscnaimh nua a chistiú (e.g. anailís sonraí) agus cuirfear an méid sin le chéile leis an mbonn maoiniúcháin atá ag AFIS agus ag IMS Bainfidh sé leas iomlán as na deiseanna arna gcur ar fáil faoin Rialachán Airgeadais nua. Le Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh, áiríteofar go leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus de bheith ag tacú leis an gcúnamh riaracháin frithpháirteach idir na Ballstáit agus leis an gcomhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún in ábhair chustaim agus ábhair thalmhaíochta.

Déanfaidh Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh an tacaíocht ón Aontas atá ann cheana a neartú agus a chuíchóiriú i ndáil leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus i ndáil le cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim, agus bainfidh sé leas as sinéirgíochtaí agus cruthóidh sé solúbthacht idir bearta éagsúla atá i bhfeidhm cheana.

Beidh **dhá chuspóir ghinearálta** ag an gClár:

- (1) Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint.
- (2) Tacú le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar ábhair custaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart.

Ag eascairt go díreach as na cuspóirí ginearálta, beidh trí **chuspóir shonracha** ag an gClár:

- (1) Calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais a chosc agus a chomhrac.
- (2) Tacú le tuairisciú neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, maidir le cistí bainistíochta comhroinnte agus cistí cúnamh réamhaontachais bhuiséad an Aontais.

⁴ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

- (3) uirlisí a sholáthar le haghaidh malartú faisnéise agus tacaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla i réimse an chúnamh riaracháin fhrithpháirtigh in ábhair chustaim agus ábhair thalmhaíochta.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana**

Tugann roinnt gníomhartha dlí ar leibhéal an Aontais aghaidh ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais, go háirithe: Rialachán 883/2013⁵ lena leagtar síos na rialacha maidir le himscrúduithe ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), Rialachán 515/97 maidir le cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim agus ábhair thalmhaíochta nó, le deireanas, Rialachán 1939/2017⁶ lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe i dtaca leis an Treoir maidir le OIPE agus an Treoir maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Áirítear sa reachtaíocht eárnála freisin forálacha maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais. Le Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh, tabharfar cúnamh do na Ballstáit agus do chomhlachtaí ábhartha an Aontais chun cabhrú leo leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar bhealach níos fearr. Ba cheart go dtacódh sé leis na hionstraimí beartais thuasluaite.

I réimse na gcustam, leanfaidh comhpháirt AFIS de Chlár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh de bheith ag cumhdach na ngníomhaíochtaí a chuirtear de chúram ar an gCoimisiún le Rialachán 515/97. Mar phointe scoir, cumhdóidh comhpháirt IMS na ngníomhaíochtaí a chuirtear de chúram ar an gCoimisiún le reachtaíocht eárnála.

• **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Bunófar ionstraim nua le haghaidh trealamh rialaithe custaim faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil nua chun tacú le dea-fheidhmiú an aontais custaim, lena n-áirítear trí thacú le trealamh rialaithe a cheannach le haghaidh údarais chustaim. Comhlánóidh Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh agus an Clár um threalamh rialaithe custaim a chéile, mar díreoidh gach ceann acu ar chineálacha éagsúla tacaíochta do chustaim: tacóidh Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh, i measc rudaí eile, le ceannach trealamh, lena n-áirítear trealamh beag custaim le haghaidh údarais chustaim agus neamhchustaim, i gcás ina mbeidh sé dírithe go sonrach ar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, cé go beidh an clár nua um threalamh custaim dírithe ar mhaoiniú a chur ar fáil chun trealamh custaim níos mó a fháil d'fhonn aonfhoirmeacht i bhfeidhmíocht rialuithe custaim a fheabhsú sna Ballstáit uile.

Mar shampla, d'fhéadfadh na cineálacha seo trealamh a theacht faoi Chlár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh gan forluí leis an ionstraim um threalamh rialaithe custaim: trealamh fóiréinseach digiteach, trealamh faireachais, trealamh intleachta agus trealamh chun gáinneáil toitíní a chomhrac, amhail madraí bolaíochta. Ina theannta sin, murab ionann agus an ionstraim um threalamh rialaithe custaim, tacóidh Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh leis na húdarais neamhchustaim, amhail na húdarais chánach, na húdarais bhreithiúnacha, cigireachtaí póilíní agus póilíní teorann, aireachtaí, comhlachtaí imscrúdúcháin éagsúla, comhlachtaí frithéillithe etc.

Beartais eile de chuid an Aontais i réimsí amhail ceartas, custam agus gnóthaí Baile, agus na cláir a bhaineann leo, rachaidh siad i ngleic le dúshlán shonracha sna réimsí sin, a bheidh ag teacht le cosaint leasanna airgeadais an Aontais. Ní mheastar go mbeidh aon fhorluí idir na cláir sin agus Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh. Tabharfar aghaidh ar dhúbláil a sheachaint agus ar shinéirgíochtaí a aimsiú idir Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh agus cláir ábhartha eile i réimsí amhail ceartas, custam agus gnóthaí baile nuair a bheith na cláir oibre bhliantúla á n-ullmhú.

⁵ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

⁶ Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'); IO L 283, 31.10.2017, lch. 1.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Faoi bhunús dlí Chlár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh, tabharfar le chéile **Airteagal 325 CFAE**, ina leagtar síos oibleagáid chomhroinnte na mBallstát agus an Aontais leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus **Airteagal 33 CFAE** maidir le comhar custaim ós rud é gur bunaithe ar Airteagal 33 CFAE (agus ar Airteagal 325 CFAE)⁷ atá Rialachán 515/97, ina ndéantar foráil maidir leis na gnéithe oibríochtúla arna maoiniú ag an gcomhpháirt AFIS de Chlár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh.

• Coimhdeacht

Feiniméan uile-Aontais iad na neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, i mbuiséad an Aontais, nach bhfuil teoranta d'aon Bhallstát amháin. Is léir sin go háirithe i gcás ina mbíonn gné trasteorann ag baint le calaois ó thaobh an chaiteachais de nó ó thaobh an ioncaim de, mar shampla i gcásanna ina ndéantar gearrluacháil ar earraí allmhairithe d'fhonn diuitéithe custaim a sheachaint agus a imríonn tionchar díreach, dá bhrí sin, ar acmhainní dílse traidisiúnta an Aontais.

A mhéid a bhaineann le comhpháirt Hercule de Chlár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh, tá údar le hidirghabháil ar leibhéal an Aontais maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i dtéarmaí coimhdeachta i gcás ina n-éascóidh sé comhar idir an tAontas agus na Ballstáit, nó idir na Ballstáit, gan cur isteach ar fhreagrachtaí na mBallstát (an fhreagracht a gcórais shonracha frithchalaoise féin a dhearadh agus a chur chun feidhme, mar shampla). An tacaíocht a sholáthrófar faoin tionscnamh seo, neartóidh sé an comhar trasteorann.

Ón ngné comhordúcháin de AFIS a thagann breisluach an Aontais, go háirithe i dtéarmaí sonraí a bhailiú agus a rochtain, rud nach bhféadfaí a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta, agus trí dheafheidhmíocht mhisin na n-údarás custaim náisiúnta agus a gcúnaimh fhrithpháirtigh a éascú, mar aon le comhar leis an gCoimisiún,

Is é IMS an t-aon bhunachar sonraí ar leibhéal an Aontais a thugann le chéile faisnéis a thuairiscítear faoi neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, i gcistí na bainistíochta comhroinnte agus sna cistí réamhaontachais, i gcás gach gníomhaíochta de chuid an Aontais agus gach Ballstáit. Faoi gcóras seo is féidir cineálacha éagsúla anailíse a dhéanamh agus bíonn sé ina chuidiú chun beartas frithchalaoise fianaisebhunaithe a fhorbairt ar leibhéal an Aontais. Is é an breisluach a bhaineann leis an gcur chuige uile-Aontais sin, gur féidir rioscaí agus pátrúin choiteanna a shainaithint agus cineálacha cur chuige coiteann maidir le calaois a chomhrac a shainiú agus a chur chun feidhme, d'fhonn leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go héifeachtúil agus go coibhéiseach.

Ina theannta sin, déantar na gníomhaíochtaí faoi chomhpháirteanna AFIS agus IMS de Chlár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh ar leibhéal an Aontais de réir mar a fhoráiltear faoi reachtaíocht ábhartha an Aontais, agus comhlíonann siad féin prionsabal na comhréireachta.

• Comhréireacht

Cuireann comhpháirt Hercule de Chlár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh cúnamh spriocdhírthe ar fáil do na Ballstáit chun a n-oibleagáid a bhaint amach leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Tá sé teoranta don mhéid is gá d'fhonn na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach, agus tá sé i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta dá bhrí sin.

⁷ Cumhdaíonn AFIS gníomhaíochtaí nach dtagann faoi chuimsiú Airteagal 325 CFAE (e.g. comhar custaim i dtaca le táirgí aindleathacha).

Ní chumhdaíonn comhpháirteanna AFIS agus IMS den chlár ach na hoibleagáidí airgeadais arna bhforchur ar an gCoimisiún le reachtaíocht thánaisteach, agus níl aon bhaint acu le gnéithe oibríochtúla AFIS agus IMS. Comhlíonann siad prionsabal na comhréireachta ar an gcaoi sin.

- **An rogha ionstraime**

Rachaidh an bunús dlí don chlár Hercule a bhí ann roimhe seo (Rialachán 250/2014) in éag ag deireadh 2020. Dá bhrí sin, is gá Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh a bhunú le rialachán nua chun a áirithiú go leantar de thacaíocht ón Aontas a thabhairt do na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun críche cúnamh a thabhairt sa chomhrac i gcoinne calaoise. Deis atá i nglacadh Chlár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh comhpháirt Hercule a chur le chéile le bonn airgeadais AFIS agus IMS chun críche cuíchóiriú agus chun teacht ar shinéirgíochtaí oibríochtúla, riaracháin agus buiséadacha.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ SIARGHABHÁLACHA, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí siarghabhálacha/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinneadh meastóireacht ar Hercule faoi dhó le blianta beaga anuas. Rinneadh tuarascáil *ex-post* an Choimisiúin maidir le meastóireacht ar chlár Hercule II (2007-2013) a ghlacadh agus a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle i mBealtaine 2015⁸. Rinneadh tuarascáil mheántéarmach mheastóireachta an Choimisiúin ar Hercule III (dar tús 1 Eanáir 2014 go dtí Meitheamh 2017, mar atá an chéad leath de thréimhse seacht mbliana an chlár) a ghlacadh agus a aistriú go luath in Eanáir 2018⁹. Ba é toradh na meastóireachta sin gur bhain an clár Hercule III amach, a bheag nó a mhór, a mhisean leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Measadh, dá bhrí sin, go raibh an Clár éifeachtach. Cruthaíodh go raibh sé ábhartha, déanfar an fhéidearthacht na cuspóirí oibríochtúla a leathnú a mheas, agus bhí na sásraí ba ghá chun comhsheasmhacht a áirithiú i bhfeidhm. Léiríodh freisin go raibh an Clár éifeachtúil ar an iomlán. Moladh roinnt feabhsuithe le linn na meastóireachta d'fhonn an t-ualach is toradh ar na próisis iarratais agus tuairiscithe a laghdú. Chuige sin, chuir an Coimisiún tús le córas leictreonach bainistíochta a úsáid chun iarratais ar dheontais faoin gClár a chur isteach, a phróiseáil agus a bhainistiú. Is léir go bhfuil breisluach ann i dtaca le clár dá leithéid a bheith ann ar leibhéal an Aontais, agus meastar go bhfuil gníomhaíochtaí an chlár inbhuanaithe den chuid is mó.

A mhéid a bhaineann le AFIS agus IMS, ós rud é nach cláir airgeadais iad, níl siad faoi réir na dtimthriallta meastóireachta comhfhreagracha. Tá táscairí áirithe ann is féidir a chur san áireamh, áfach, chun a bhfeidhmíocht a mheas i dtaca leis na gníomhaíochtaí oibríochtúla gaolmhara¹⁰. Ina

⁸ Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir le baint amach cuspóirí an chlár Hercule II, COM(2015) 221 final.

⁹ Tuarascáil ón gCoimisiún ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa, meastóireacht mheántéarmach ar Rialachán (AE) Uimh. 250/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 lena mbunaítear clár chun gníomhaíochtaí i réimse na cosanta ar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn (clár Hercule III) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 804/2004/CE, COM(2018) 3 final.

¹⁰ Go háirithe ar bhonn thuarascálacha bliantúla an Choimisiúin ar ghníomhaíochtaí AFIS (de bhun Airteagal 51a de Rialachán 515/97) mar chuid de thuarascáil an Choimisiúin maidir le leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint (an Tuarascáil maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint). Rinneadh meastóireacht ar IMS i nDoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin *Implementation of Article 325 TFEU by the Member States* [Cur chun Feidhme Airteagal 325 CFAE ag na Ballstáit] agus *Follow-up of recommendations to the Commission PIF Report* [Obair leantach ar moltaí maidir leis an Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le leasanna

theannta sin, bíonn AFIS faoi réir tuarascálacha rialta suirbhéireachta a dhéanann an Coimisiún. Sna tuarascálacha is déanaí, léiríodh go bhfuil níos mó ná 80 % d'úsáideoirí sna Ballstáit sásta le feidhmiúlacht agus feidhmíocht na bhfeidhmchlár éagsúil AFIS, agus leis an oiliúint atá á cur ar fáil maidir le AFIS.

Sa tuarascáil speisialta uaithi 19/2017 maidir le nósanna imeachta allmhairiúcháin, ba é conclúid Chúirt Iniúchóirí na hEorpa gur uirlisí éifeachtacha iad feidhmchláir shonracha AFIS chun cásanna féideartha calaoise a bhaineann le tuairisc lochtach ar thionscnamh agus gearrluacháil/tearcshonrasc a shainaithint. Féadfaidh siad uirlisí úsáideacha a chur ar fáil freisin chun méid na bearna custaim a mheas¹¹. Sa tuarascáil speisialta chéanna uaithi, maíonn Cúirt Iniúchóirí na hEorpa freisin nach bhfuil a bpoitéinseal iomlán bainte amach ag uirlisí agus cláir an Aontais chun faisnéis chustaim a mhalartú agus chun comhar a mhéadú. Ba é conclúid na tuarascála speisialta sin freisin nach leor an úsáid atá á baint as roinnt córais faisnéise custaim AFIS. Rinneadh moltaí i dtuarascálacha speisialta Uimh. 10/2015 agus Uimh. 24/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le IMS.

Tá tuilleadh eolais maidir le meastóireachtaí siarghabhálacha ar chláir reatha i roinn 1.2 den mheastóireacht *ex-ante* a ghabhann leis an togra reachtach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

An 13 Márta 2018, d'eagraigh an Coimisiún ceardlann lae le páirtithe leasmhara sna Ballstáit (ionadaithe na seirbhísí comhordúcháin frithchalaoise agus na riarachán custaim den chuid is mó), a bhí dírithe ar roghanna a phlé le haghaidh ghníomhaíochtaí an Chláir a bheidh ann amach anseo. Dearbhaíodh le linn an chomhairliúcháin gur gá leanúint de thacaíocht a thabhairt i bhfoirm chlár frithchalaoise de chuid an Aontais. Tá achoimre in Iarscríbhinn 2 den mheastóireacht *ex-ante* ar thorthaí an chomhairliúcháin seo a bhí spriocdhírithe ar pháirtithe leasmhara.

Rinne an Coimisiún comhairliúchán poiblí oscailte freisin chun an reachtaíocht eárnála a bheidh ann amach anseo, a bheidh ag gabháil leis an togra le haghaidh an chreata airgeadais ilbhliantúil tar éis 2020, a ullmhú. Is fíorbheag a bhí le rá sna comhairliúcháin faoi ghnéithe a bhaineann le Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh.

- **Saineolaithe seachtracha**

Baineadh úsáid as seirbhísí conraitheora seachtraigh chun feidhmíocht Hercule III a mheas, mar a cheanglaítear le Rialachán 250/2014. Sa staidéar neamhspleách¹² a rinne an conraitheoir, rinneadh meastóireacht chuimsitheach mheántéarmach ar Hercule III, agus leagadh síos roinnt tuairimí maidir le cuspóirí agus gníomhaíochtaí féideartha don chlár amach anseo, go háirithe i réimse an chomhair trasteorann idir na Ballstáit, agus an chomhair le comhpháirtithe lasmuigh den Aontais, agus chuathas i ngleic le dúshlán forbairtí nua teicneolaíochta. Toradh eile ar an staidéar ab ea go bhfacthas nach raibh ach líon beag gníomhaíochtaí a raibh comhar idir foirne sna húdaráis riaracháin i gceist leo, agus ba bheag gníomhaíocht a raibh gné idirnáisiúnta ag baint léi.

airgeadais an Aontais a chosaint. Tá fáil ar tuarascáil 2016 i COM(2017) 383 final agus SWD(2017) 266, 267 agus 270 final.

¹¹ Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *Import procedures: shortcomings in the legal framework and an ineffective implementation impact the financial interests of the EU*, 5 Deceimber 2017. [Nósanna imeachta allmhairiúcháin: easnamh sa chreat dlíthiúil agus tionchar neamhéifeachtúil cur chun feidhme leasanna airgeadais an Aontais, 5 Nollaig 2017].

¹² Meastóireacht mheántéarmach ar an gclár Hercule III, an Tuarascáil Deiridh, CEPS, Economisti Associati, CASE, wedoIT, 2017 (https://ec.europa.eu/anti-fraud/sites/antifraud/files/herculeiii_midterm_evaluation_en.pdf)

- **Measúnú tionchair**

Ós rud gur forbairt ar thionscnaimh atá ann cheana (Hercule, AFIS agus IMS) é Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh, agus i bhfianaise struchtúr agus mhéid teoranta a bhuiséid, measadh nach raibh Measúnú Tionchair ag teastáil. Ina áit sin, cuirtear meastóireacht *ex-ante* i gcomhréir le hAirteagal 30(4) de Rialachán Airgeadais 2016 ar fáil i bhfoirm Doiciméad Inmheánach Oibre.

- **Simpliú**

Is féidir leis an gclár Hercule III, gníomhaíocht oibríochtúil AFIS agus córas tuairiscithe IMS cuidiú ar a mbealach féin chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus le cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim. Faoi Chlár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh, tabharfar maoiniú na dtrí ionstraim sin faoi aon chlár amháin agus beidh de bhuntáiste aige sin, ar lámh amháin, go leanfaidh gach ceann de na cláir sin den tseirbhís speisialaithe dá gcruthaíodh é a sholáthar agus, ar an lámh eile, go gcuirfear na coinníollacha chun sinéirgíochtaí a chuíchóiriú agus a chruthú, agus chun an t-ualach riaracháin a mhaolú agus bainistiú a shimpliú, go gcuirfear na coinníollacha sin i bhfeidhm.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é EUR 181 207 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme Chlár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh don tréimhse 2021-2027.

Leagtar síos sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra seo an leithdháileadh mionsonraithe in aghaidh na bliana, lena n-áirítear na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus na hacmhainní daonna agus riaracháin is gá.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déantar foráil sa dréachtrialachán lena mbunaítear Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh maidir leis na trí phríomhtháscaire seo a leanas a bhaineann le cuspóirí sonracha an Chláir:

- (1) Tacaíocht a thabhairt chun calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais a chosc agus a chomhrac, arna thomhas mar seo a leanas:
 - Ráta sástachta i dtaca leis na gníomhaíochtaí arna n-eagrú agus arna gcómhaoiniú/maoiniú tríd an gclár.
 - Céatadán na mBallstát a fhaigheann tacaíocht gach bliain a bhíonn an clár i bhfeidhm.
- (2) Ráta sástachta na n-úsáideoirí i dtaca le húsáid an Chórais Bainistíochta Neamhrialtachtaí.
- (3) An méid faisnéise cúnaimh fhrithpháirtigh a cuireadh ar fáil agus líon na ngníomhaíochtaí a bhaineann le cúnamh frithpháirteach ar tugadh tacaíocht dóibh.

I gcomhréir le mír 22 agus le mír 23 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016¹³, i gcás inar dheimhnigh na trí institiúid gur cheart gur bhunús measúnuithe tionchair ar roghanna maidir le tuilleadh gníomhaíochta, meastóireachtaí ar reachtaíocht agus beartais atá ann cheana, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht idirthréimhseach agus meastóireacht deiridh. Déanfaidh na meastóireachtaí

¹³ Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

tionchar an Chláir a mheas ar bhonn tháscairí agus spriocanna an Chláir agus ar bhonn mionanailís ar a mhéid is féidir a ábhartha, a éifeachtach, a éifeachtúil atá an Clár a mheas agus an dtugtar leis a dhóthain breisluach AE agus a mhéid atá sé comhleanúnach le beartais eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Beidh sna meastóireachtaí sin ceachtanna a foghlaimíodh chun aon saincheist a shainaithint nó aon phoitéinseal tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí nó ar thorthaí na ngníomhaíochtaí. Cuirfear torthaí na meastóireachtaí chomh maith le barúlacha in iúl do Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Choiste na Réigiún agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar amach i gCaibidil I den Rialachán na paraiméadair bhunúsacha do Chlár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh don tréimhse 2021-2027 den chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile, lena n-áirítear raon feidhme an Chláir agus an t-imchlúdach airgeadais, arna bhriseadh síos ina trí chomhpháirt (Hercule, AFIS agus IMS). Déantar foráil i gCaibidil I freisin maidir leis na coinníollacha do rannpháirtíocht tríú tíortha sa chlár. I dtaca le cur chun feidhme an Chláir, is é an Rialachán Airgeadais a phléitear den chuid is mó i gCaibidil I. Maidir leis na costais a chumhdaítear le AFIS, tá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán liosta táscach costas arna gcumhdach faoin gClár.

Déantar foráil i gCaibidil II maidir le mionsonraí faoi chur chun feidhme an chláir trí dheontais, agus go háirithe maidir le tairbhithe féideartha deontas. Orthu sin tá údaráis a fhéadfaidh cuidiú a thabhairt ceann de chuspóirí an Chláir a bhaint amach, ó aon cheann de na tíortha seo a leanas: Ballstát nó tír nó críoch thar lear atá bainteach leis an mBallstát sin, tríú tír atá comhlachaithe leis an gClár, nó tríú tír atá liostaithe i gclár oibre.

Leagtar amach i gCaibidil III na forálacha maidir leis na gnéithe den Chlár a bhaineann le clársceidealú, faireachán agus meastóireacht. Go sonrach, leagtar amach inti na táscairí agus na modhanna tuairiscithe a chuirtear chun feidhme, agus sonraítear inti nós imeachta na meastóireachta eatramhaí. Bunaítear sa Chaibidil seo freisin cumhacht an Choimisiúin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun críocha atá sainithe go cúng.

Tugtar cur síos i gCaibidil IV ar na forálacha idirthréimhseacha agus deiridh, agus déantar forail inti maidir leis an Rialachán maidir le Hercule III a aisghairm, mar aon le forálacha cistiúcháin AFIS atá i Rialachán 515/97.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 325 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí (¹⁴),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le hAirteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ceanglaítear ar an Aontas agus ar na Ballstáit calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac. Ba cheart don Aontas tacú le gníomhaíochtaí sna réimsí sin.
- (2) San am atá thart, bhíothas in ann, a bhuí le tacaíocht do ghníomhaíochtaí den sórt sin le Cinneadh Uimh. 804/2004/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵ (Clár Hercule), arna leasú agus arna leathnú le Cinneadh Uimh. 878/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶ (Clár Hercule II), arna aisghairm agus arna ionadú le Rialachán Uimh. 250/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷ (Clár Hercule III), feabhas a chur ar na gníomhaíochtaí a dhéanann an tAontas agus na Ballstáit maidir le calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac.
- (3) Ceanglas den reachtaíocht earnála é tacú le tuairisciú na mBallstát agus na dtíortha is iarrthóirí agus na dtíortha is iarrthóirí ionchasacha, ar neamhrialtachtaí agus ar chalaois a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais tríd an gCóras Bainistíochta Neamhrialtachtaí a úsáid, i dtaca leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um

¹⁴ [ref]

¹⁵ Cinneadh Uimh. 804/2004/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena mbunaítear clár gníomhaíochta Comhphobail chun gníomhaíochtaí i réimse na cosanta ar leasanna airgeadais an Chomhphobail a chur chun cinn (clár Hercule) (IO L 143, 30.4.2004, lch. 9).

¹⁶ Cinneadh Uimh. 878/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2007 lena leasaítear agus lena leathnaítear Cinneadh Uimh. 804/2004/CE lena mbunaítear clár gníomhaíochta Comhphobail chun gníomhaíochtaí i réimse na cosanta ar leasanna airgeadais an Chomhphobail a chur chun cinn (clár Hercule II) (IO L 193, 25.7.2007, lch. 18).

¹⁷ Rialachán (AE) Uimh. 250/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 lena mbunaítear clár chun gníomhaíochtaí i réimse na cosanta ar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn (clár Hercule III) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 804/2004/CE (IO L 84, 20.3.2014, lch. 6).

Fhorbairt Tuaithe¹⁸, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh¹⁹ agus an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus an ionstraim maidir le tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht ghéarchéime²⁰, an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí²¹, agus an cúnamh réamhaontachais²² i dtaca leis an gclárthréimhse 2014-2020 agus ina dhiaidh sin. Uirlis chumarsáide leictreonaí shlán is ea an Córas Bainistíochta Neamhrialtachtaí a éascaíonn an oibleagáid atá ar na Ballstáit, agus ar tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, neamhrialtachtaí a bhraitear a thuairisciú, agus tacaíonn sí le bainistiú agus anailísiú neamhrialtachtaí.

- (4) Foráiltear le Rialachán (CE) 515/97²³, agus le Cinneadh 2009/917/CGB²⁴ ón gComhairle, tá an tAontas chun tacú le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún, chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart.

¹⁸ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1971 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le forálacha sonracha maidir le neamhrialtachtaí a bhaineann leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe a thuairisciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1848/2006 ón gCoimisiún agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1975 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2015 lena leagtar síos minicíocht agus formáid tuairiscithe neamhrialtachtaí a bhaineann leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta agus Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 293, 10.11.2015, lch. 6).

¹⁹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1970 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le forálacha sonracha maidir le neamhrialtachtaí a bhaineann leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe a thuairisciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1848/2006 ón gCoimisiún agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1974 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2015 lena leagtar síos minicíocht agus formáid tuairiscithe neamhrialtachtaí a bhaineann le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 293, 10.11.2015, lch. 1).

²⁰ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1973 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le forálacha sonracha maidir le neamhrialtachtaí a bhaineann leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht a thuairisciú agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht géarchéime; agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1977 ón gCoimisiún lena leagtar síos minicíocht agus formáid tuairiscithe neamhrialtachtaí a bhaineann leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht géarchéime, faoi Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 293, 10.11.2015, lch. 15).

²¹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1972 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le forálacha sonracha maidir le neamhrialtachtaí a bhaineann leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí a thuairisciú agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1976 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2015 lena leagtar síos minicíocht agus formáid tuairiscithe neamhrialtachtaí a bhaineann leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí faoi Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 293, 10.11.2015, lch. 11).

²² Airteagal 16 de Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 447/2014 ón gCoimisiún maidir leis na rialacha sonracha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 231/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (ICR II) (IO L 132, 3.5.2014, lch. 32).

²³ Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart, arna leasú go deireanach ag Rialachán 2015/1525 (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1).

²⁴ Cinneadh 2009/917/CGB ón gComhairle maidir le húsáid na teicneolaíochta faisnéise chun críocha custaim, (IO L 323, 10.12.2009, lch. 20).

- (5) Tugtar an tacaíocht sin do roinnt gníomhaíochtaí oibríochtúla éagsúla. Orthu sin tá an Córas Faisnéise Frith-Chalaoise (AFIS), ardán teicneolaíochta faisnéise arb é ata ann tacar d'fheidhmchlár arna n-oibriú faoi chóras coiteann faisnéise arna bhainistiú ag an gCoimisiún. Faoi ardán AFIS a bhíonn an Córas Bainistíochta Neamhrialtachtaí (IMS) ag oibriú freisin. Bíonn cistiú cobhsaí intuartha de dhíth ar chóras den chineál sin thar na blianta chun a áirithiú go mbíonn sé inbhuanaithe.
- (6) Ba cheart an tacaíocht ón Aontas i réimse na cosanta ar leasanna airgeadais an Aontais, an tuairiscithe ar neamhrialtachtaí agus an chúnaimh riaracháin fhrithpháirtigh agus an chomhair in ábhair chustaim agus ábhair thalmhaíochta a chuíchóiriú faoi aon chlár amháin, Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh (“an Clár”), d’fhonn sinéirgíochtaí agus solúbthacht bhuiséid a mhéadú, agus chun bainistiú a shimpliú.
- (7) Tugtar le chéile sa Chlár, dá bhrí sin, comhpháirt atá inchurtha leis an gclár Hercule, comhpháirt eile lena n-áirithítear maoiniú an Chórais Bainistíochta Neamhrialtachtaí, agus tríú comhpháirt lena maoinítear na gníomhaíochtaí a chuirtear de chúram ar an gCoimisiún faoi Rialachán (CE) Uimh. 515/97, lena n-áirítear ardán AFIS.
- (8) Áirítear roinnt córas faisnéise in ardán AFIS, lena n-áirítear an Córas Faisnéise Custaim. Córas uathoibrithe faisnéise is ea an Córas Faisnéise Custaim, atá ceaptha cuidiú leis na Ballstáit oibríochtaí atá de shárú ar reachtaíocht chustaim nó reachtaíocht talmhaíochta a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh trí éifeachtúlacht chomhar agus nósanna imeachta a riarachán custaim a mhéadú trí bhíthin faisnéis a scaipeadh níos tapa. Cumhdaíonn an Córas Faisnéise Custaim cásanna de chomhar riaracháin agus comhar póilíneachta araon faoi bhonneagar amháin. Chun críocha an chomhair riaracháin, bunaítear an Córas Faisnéise Custaim le Rialachán (CE) Uimh. 515/97, arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 33 agus Airteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Chun críocha an chomhair póilíneachta, bunaítear an Córas Faisnéise Custaim le Cinneadh 2009/917/CGB, arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 30(1)(a) agus Airteagal 34(2)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Go teicniúil, ní féidir an ghné chomhair póilíneachta den Chóras Faisnéise Custaim a scaradh ón ngné riaracháin toisc go n-oibrítear an dá ghné sin faoi aon chóras teicneolaíochta faisnéise amháin. Ós rud é nach bhfuil sa Chóras Faisnéise Custaim féin ach ceann amháin de na córais éagsúla faisnéise a ritear faoi AFIS, agus gur lú líon na gcásanna den chomhar póilíneachta ná líon na gcásanna den chomhar riaracháin sa Chóras Faisnéise Custaim, meastar gur gné choimhdeach gné chomhar póilíneachta AFIS i gcomparáid leis an ngné riaracháin.
- (9) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais do thréimhse ar fad an Chláir arb éard a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí [tagairt le nuashonrú de réir mar is iomchuí de réir an chomhaontaithe nua idirinstiúideach: phointe 17 de Chomhaontú Idirinstiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhóna airgeadais²⁵], do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta buiséadaigh bhliantúil.
- (10) Beidh feidhm ag rialacha cothrománacha airgeadais arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an Rialachán seo. Leagtar síos na rialacha sin sa Rialachán Airgeadais agus cinntear leo go háirithe an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, soláthar, duaiseanna, cur chun feidhme indéach, agus déantar foráil maidir le seiceálacha i dtaobh freagracht gníomhairí airgeadais. Na rialacha a ghlactar ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, baineann siad freisin le

²⁵ Tagairt le nuashonrú: IO L 373, 20.12.2013, lch. 1. Tá an comhaontú le fáil ag: http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.C_.2013.373.01.0001.01.ENG&toc=OJ.C:2013:373:TOC

buiséad an Aontais a chosaint i gcás easnaimh ghinearálaithe i dtaca le smacht reachta sna Ballstáit, ós rud é gur réamhchoinníoll riachtanach urramú an smachta reachta i dtaca le bainistíocht fhónta airgeadais agus maoiniú éifeachtach de chuid an Aontais Eorpaigh.

- (11) Na cineálacha maoiniúcháin agus na modhanna cur chun feidhme a úsáidfear faoin Rialachán seo, is ar bhonn a fhónta atá siad ó thaobh cuspóirí sainiúla na ngníomhaíochtaí a bhaint amach agus torthaí a thabhairt ba cheart iad a roghnú, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar chostais rialuithe, ar an ualach riaracháin, agus ar an riosca neamh-chomhlíontachta a mheastar a bheith ann. Ba cheart cuimhneamh ar úsáid a bhaint as cnapshuimeanna, as rátaí comhréidhe agus costais aonaid, agus as maoiniú nach mbaineann le costais, mar a thagraítear dó in Airteagal 125(1) den Rialachán Airgeadais.
- (12) D'fhonn leanúnachas a áirithiú faoin gClár i dtaca le maoiniú na ngníomhaíochtaí ar fad a chuirtear de chúram ar an gCoimisiún faoi Rialachán (CE) Uimh. 515/97, lena n-áirítear ardán AFIS, cuirtear liosta táscach ar fáil in Iarscríbhinn I de na gníomhaíochtaí atá le maoiniú.
- (13) Maidir le ceannach trealamh trí ionstraim an Aontais le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim²⁶, d'fhéadfadh sé tionchar dearfach a bheith aige ar an gcomhrac i gcoinne calaois a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh. Is faoi ionstraim an Aontais le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim agus faoin gClár araon atá sé aon dúbailt a sheachaint sa tacaíocht ón Aontas. Go bunúsach, ba cheart don Chlár a thacaíocht a dhíriú ar chineálacha trealamh a fháil nach dtagann faoi raon feidhme ionstraim an Aontais le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim, nó do threalamh arb iad na tairbhíthe údarais seachas na húdarais a bhfuil ionstraim an Aontais le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim dírithe orthu. Ba cheart a áirithiú go ndéanfar forluí a sheachaint agus an clár oibre bliantúil á ullmhú.
- (14) Ba cheart an Clár a bheith oscailte do rannpháirtíocht tíortha ar comhaltaí iad de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar cuid den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) iad. Ba cheart é a bheith oscailte freisin do thíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí, tíortha is iarrthóirí ionchasacha mar aon le tíortha a chuimsítear faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gclár de chuid an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais lena mbaineann, nó i gcomhaontuithe eile den chineál céanna. Ba cheart an Clár a bheith oscailte do thríú tíortha eile ar choinníoll go dtugann siad comhaontú sonracha i gcrích a chumhdaíonn a rannpháirtíocht i gclár de chuid an Aontais.
- (15) Ag cur san áireamh meastóireachtaí a rinneadh ar chláir Hercule roimhe seo agus d'fhonn an Clár a neartú, ba cheart, go heisceachtúil, go mbeidh eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i dtríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár in ann a bheith rannpháirteach gan a bheith ar na heintitis sin costas na rannpháirtíochta a sheasamh.
- (16) Ba cheart an Clár a chur chun feidhme ag cur san áireamh na moltaí agus na mbearta a liostaítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2013 dar teideal *Stepping up the fight against cigarette smuggling and other forms of illicit trade in tobacco products — A comprehensive EU Strategy* [Dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne smuigléireachta agus foirmeacha eile den trádáil neamhdhleathach i dtáirgí tobac – Straitéis chuimsitheach AE]²⁷ agus an tuarascáil dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na Teachtaireachta sin an 12 Bealtaine 2017²⁸.

²⁶

[ref]

²⁷

COM(2013) 324 final

²⁸

COM(2017) 235 final

- (17) Dhaingnigh an tAontas an Prótacal maidir le trádáil neamhdhleathach i dtáirgí tobac le Creatchoinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Slándála maidir le Rialú Tobac (an Prótacal) in 2016. Ba cheart don Phrótacal leasanna airgeadais an Aontais a chosaint sa mhéid agus a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne trádáil neamhdhleathach trasteorann i dtáirgí tobac, rud is cúis le cailleanas ioncaim. Ba cheart don Chlár tacú le Rúnaíocht Chreatchoinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Slándála maidir le Rialú Tobac i dtaobh na bhfeidhmeanna atá aige a bhaineann leis an bPrótacal. Ba cheart dó tacú freisin le gníomhaíochtaí eile arna n-eagrú ag an Rúnaíocht i dtaca leis an gcomhrac i gcoinne na trádála neamhdhleathaí i dtáirgí tobac.
- (18) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁹, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 ón gComhairle³⁰, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle³¹ agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle³², déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon gníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus cionta coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú, de réir mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³³. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha.
- (19) Féadfaidh tríú tíortha ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a bheith rannpháirteach i gclár de chuid an Aontais faoi chuimsiú an chomhair arna bhunú faoin gcomhaontú leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ina ndéantar foráil maidir le cur chun feidhme na gclár trí chinneadh faoin gcomhaontú sin. Féadfaidh tríú tíortha a bheith rannpháirteach ar bhonn ionstraimí dlí eile freisin. Ba cheart foráil shonrach a thabhairt isteach sa Rialachán seo chun na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don oifigeach údarúcháin atá freagrach, do OLAF agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa chun go bhféadfaidh gach ceann díobh a gcuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú ar dhóigh chuimsitheach.

(20)

²⁹ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

³⁰ IO L 312, 23.12.1995, lch. 1.

³¹ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanann an Coimisiún d'fhonn leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

³² Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

³³ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

- (21) De bhun [tagairt le nuashonrú de réir cinneadh nua maidir le OCTanna] Airteagal 94 de Chinneadh 2013/755/AE ón gComhairle³⁴], tá daoine agus eintitis atá bunaithe i dtíortha agus críocha thar lear incháilithe do chistiú faoi réir rialacha agus chuspóirí an Chláir agus faoi réir aon socrú féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann an tír nó an chríoch ábhartha thar lear.
- (22) De bhun mhír 22 agus mhír 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr³⁵, is gá meastóireacht a dhéanamh ar an gClár seo ar bhonn faisnéis arna bailiú trí cheanglais faireacháin shonracha, agus ró-rialáil agus ualach riaracháin, ar na Ballstáit go háirithe, á seachaint san am céanna. Ar na ceanglais sin, is féidir a áireamh, i gcás inarb iomchuí sin, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an Chláir ar an láthair.
- (23) Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na forálacha is gá le haghaidh creat faireachán agus monatóireacht don Chlár a fhorbairt. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (24) Is é Airteagal 42a(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 515/97 an bunús dlí chun AFIS a mhaoiniú. Ba cheart don Rialachán seo teacht in ionad an bhunúis dlí sin agus cuirfidh sé ceann nua ar fáil. Ba cheart Airteagal 42a(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 515/97 a scriosadh dá bhrí sin.
- (25) Rialachán (AE) Uimh. 250/2014 lena mbunaítear an clár Hercule III, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020. Déantar foráil sa Rialachán seo maidir le forbairt ar an gClár Hercule III, ón 1 Eanáir 2021 amach. Ar an ábhar sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 250/2014 a aisghairm.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh leis an Rialachán seo (“an Clár”).

³⁴ Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach (an Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear) (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1).

³⁵ Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

Leagtar síos leis cuspóirí an Chláir, an buiséad don tréimhse 2021-2027, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar.

Airteagal 2

Cuspóirí an Chláir

1. Tá na cuspóirí ginearálta seo a leanas ag an gClár:
 - (a) leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.
 - (b) tacú le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart.
2. Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an gClár:
 - (a) calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais a chosc agus a chomhrac.
 - (b) tacú le tuairisciú neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, maidir le cistí bainistíochta comhroinnte agus cistí cúnamh réamhaontachais bhuiséad an Aontais.
 - (c) uirlisí a sholáthar le haghaidh malartú faisnéise agus tacaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla i réimse an chúnamh riaracháin fhrithpháirtigh in ábhair chustaim agus ábhair thalmhaíochta.

Airteagal 3

An buiséad

1. Is é EUR 181.207 milliún i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2021 – 2027.
2. Maidir leis an méid dá dtagraítear i mír 1, seo a leanas a dháileadh tascach:
 - (a) EUR 114.207 milliún don chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(a);
 - (b) EUR 7 milliún don chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(b);
 - (c) EUR 60 milliún don chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(c).
3. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, cuir i gcás gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha.

Airteagal 4

Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár

Beidh an Clár oscailte do na tríú tíortha seo a leanas:

- (a) comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú maidir le LEE;

- (b) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais lena mbaineann, nó i gcomhaontuithe eile den chineál céanna, agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos sna comhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin;
- (c) tíortha a chuimsítear faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais lena mbaineann, nó i gcomhaontuithe eile den chineál céanna, agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos sna comhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin;
- (d) tríú tíortha eile, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gcomhaontú sonracha lena gcumhdaítear rannpháirtíocht an tríú tír in aon chlár de chuid an Aontais, ar choinníoll:
 - (a) go n-áirithítear leis an gcomhaontú cothromaíocht chóir idir ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá rannpháirteach sna cláir de chuid an Aontais;
 - (b) go leagtar síos leis an gcomhaontú coinníollacha maidir le rannpháirtíocht sna cláir, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le cláir aonair agus a gcostais riaracháin. Ioncam sannta i gcomhréir le hAirteagal [21(5)] den Rialachán Airgeadais a bheidh sna ranníocaíochtaí sin;
 - (c) nach dtugtar leis an gcomhaontú cumhacht cinnteoireachta don tríú tír maidir leis na cláir;
 - (d) go ráthaítear leis an gcomhaontú cearta an Aontais chun bainistíocht fhóna airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint.

Airteagal 5

Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas

1. Is tríd an mbainistíocht dhíreach a chuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais nó tríd an mbainistíocht indíreach le comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1)(c) den Rialachán Airgeadais.
2. Féadfar cistiú a sholáthar ón gClár, agus an cistiú sin in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, go háirithe i bhfoirm deontas agus soláthair, mar aon le haisíocaíocht caiteachais taistil agus caiteachais cothaithe de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 238 den Rialachán Airgeadais.
3. Féadfaidh an Clár cistiú a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí arna ndéanamh i gcomhréir le Rialachán (CE) 515/97, go háirithe chun na cineálacha costas dá dtagraítear i liosta táscach Iarscríbhinn I a chumhdach.
4. Nuair a bhaineann an ghníomhaíocht lena bhfuiltear ag tacú le trealamh a fháil, bunóidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, sásra comhordúcháin lena n-áiríteofar éifeachtúlacht agus idir-inoibritheacht idir an trealamh uile a cheannaítear le tacaíocht ó Chláir an Aontais.

Airteagal 6

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

I gcás ina mbeidh tríú tír rannpháirteach sa Chlár de thoradh cinneadh faoi chomhaontú idirnáisiúnta nó de bhua aon ionstraim dlí eile, tabharfaidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin atá freagrach, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus do Chúirt Iniúcháirí na hEorpa chun go bhféadfaidh gach ceann díobh a gcuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú ar dhóigh chuimsitheach. I gcás na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise, beidh san áireamh sna cearta sin an ceart imscrúduithe a dhéanamh, seiceálacha agus iniúchtaí ar an láthair san áireamh, dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hiniúchtaí arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise.

CAIBIDIL II

DEONTAIS

Airteagal 7

Tabharfar agus bainistefar deontais faoin gClár i gcomhréir le Teideal VIII den Rialachán Airgeadais.

Airteagal 8

Gníomhaíochtaí incháilithe

Ní bheidh ach gníomhaíochtaí lena gcuirtear na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 2 chun feidhme incháilithe chun cistiú a fháil.

Airteagal 9

Eintitis incháilithe

1. Chomh maith leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 197 den Rialachán Airgeadais, beidh feidhm ag na critéir incháilitheachta a leagtar amach i mír 2.
2. Tá na heintitis seo a leanas incháilithe:
 - (a) údarais phoiblí a fhéadfaidh cuidiú a thabhairt ceann de na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 2 a bhaint amach, atá bunaithe in aon cheann de na tíortha seo a leanas:
 - (a) Ballstát nó tír nó críoch thar lear atá bainteach leis an mBallstát sin;
 - (b) tríú tír atá comhlachaithe leis an gClár;
 - (c) tríú tír atá liostaithe sa chlár oibre faoi na coinníollacha a shonraítear i mír 3.
 - (b) institiúidí taighde agus oideachais agus eintitis neamhbhrabúis a fhéadfaidh cuidiú chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 2 a bhaint amach, ar choinníoll go bhfuil siad bunaithe agus ag feidhmiú le bliain amháin ar a laghad i mBallstát, nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár, nó i dtríú tír atá liostaithe i gclár oibre, faoi na coinníollacha a shonraítear i mír 3.

(c) aon eintiteas dlíthiúil a bunaíodh faoi dhlí an Aontais nó aon eagraíocht idirnáisiúnta.

3. Go heisceachtúil, na heintitis dá dtagraítear i mír 2 atá bunaithe i dtríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, beidh siad incháilithe chun a bheith rannpháirteach sa Chlár i gcás ina mbeidh sin riachtanach chun cuspóirí gníomhaíochta ar leith a bhaint amach.
4. Ba cheart do na heintitis dá dtagraítear i mír 2 atá bunaithe i dtríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, ba cheart dóibh costas a rannpháirtíochta a sheasamh i bprionsabal.

CAIBIDIL III

CLÁRSCEIDEALÚ, FAIREACHÁN, TUAIRISCIÚ AGUS MEASTÓIREACHT

Airteagal 10

Clár oibre

Is leis na cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais a chuirfear an Clár chun feidhme.

Airteagal 11

Faireachán agus tuairisciú

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn II na táscairí a úsáidfear le tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Chláir maidir le baint amach na gcuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 2.
2. Chun a áirithiú go measfar go héifeachtach dul chun cinn an Chláir i dtreo bhaint amach a chuspóirí, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 14, chun Iarscríbhinn II a leasú chun na táscairí a athbhreithniú nó a fhorlónadh i gcás ina measfar gur gá, agus chun an Rialachán seo a fhorlónadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú.
3. Leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta áiritheofar go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir, go mbaileofar iad ar dhóigh atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil. Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistí ón Aontas agus, nuair is ábhartha, ar na Ballstáit.

Airteagal 12

Meastóireacht

1. Déanfar meastóireachtaí go tráthúil sa dóigh agus go bhféadfar leas a bhaint astu sa phróiseas cinnteoireachta.

2. Déanfar meastóireacht eatramhach ar an gClár nuair a bheidh faisnéis leordhóthanach ar fáil ar chur chun feidhme an Chláir, ach tráth nach déanaí ná ceithre bliana ó thosach chur chun feidhme an Chláir.
3. I ndeireadh chur chun feidhme an Chláir, ach tráth nach déanaí ná ceithre bliana tar éis dheireadh na tréimhse a shonraítear in Airteagal 1, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht deiridh ar an gClár.
4. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí chomh maith lena bharúlacha féin in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, do Choiste na Réigiún agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Airteagal 13

Tarmligean cumhachtaí

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 chun na forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a fhorbairt de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 11.

Airteagal 14

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 13 a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2028.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 13 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

CAIBIDIL IV

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 15

Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht

1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinsé an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe (go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú) trí fhaisnéis spriocdhírthe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal. Ní cheanglófar aitheantas a thabhairt d'fhoinsé an chistithe ón Aontas ná infheictheacht a áirithiú i gcás ina mbeidh riosca ann go gcuirfí feidhmíocht éifeachtach gníomhaíochtaí oibríochtúla frithchalaoise agus custaim i mbaol.
2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gClár, agus a bhaineann le gníomhaíochtaí agus torthaí an Chláir. Beidh na hacmhainní airgeadais a leithdháilfear ar an gClár ina gcuidiú freisin maidir le cumarsáid chorpóraideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a fhad a bhaineann siad sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 2.

Airteagal 16

Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 515/97

Scriostar mír 1 agus mír 2 d'Airteagal 42a de Rialachán (CE) Uimh. 515/97.

Airteagal 17

Aisghairm

3. Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 250/2014 le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

Airteagal 18

Forálacha idirthréimhseacha

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúnachas ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí lena mbaineann, go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu, faoi Rialachán 250/2014 agus faoi Airteagal 42a de Rialachán (CE) Uimh. 515/97, a mbeidh feidhm aige maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu.

2. Ina theannta sin, féadfaidh imchlúdach airgeadais an Chláir na speansais theicniúla agus riaracháin a chumhdach is gá chun an t-aistriú idir an Clár agus na bearta a glacadh faoi Rialachán 250/2014 agus faoi Airteagal 42a de Rialachán (CE) Uimh. 515/97 a áirithiú.

Airteagal 19

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an [\[fichiú\]](#) lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

- 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh
- 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann (*cnuasach clár*)
- 1.3. An cineál togra/tionscnaimh
- 1.4. Forais an togra/tionscnaimh
- 1.5. Fad agus tionchar airgeadais
- 1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

- 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe
- 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe
- 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

- 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar
- 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas
 - 3.2.1. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*
 - 3.2.2. *An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*
 - 3.2.3. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*
- 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

[lena mbunaítear Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh](#)

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann (*cnuasach clár*)

[03 An Margadh Aonair](#)

[03 03 Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh](#)

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart³⁶

☒ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Forais an togra/tionscnaimh

1.4.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

[Le hAirteagal 325 CFAE, ceanglaítear ar an Aontas agus ar na Ballstáit calaois agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac. Déantar foráil in Airteagal 33 CFAE maidir le neartú an chomhair custaim idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus an Coimisiún, a bhfuil cur síos níos mionsonraithe air i Rialachán 515/97 maidir le cúnamh riaracháin frithpháirteach agus arna chur chun feidhme, *inter alia*, via ardán AFIS. Déantar foráil maidir le hoibleagáidí tuairiscithe le IMS sa reachtaíocht earnála ábhartha. Faoin gcreat sin, cuirfidh Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh an tacaíocht ar fáil do na tairbhíthe lena bhféadfaidh siad cosaint níos fearr a dhéanamh ar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh agus le haghaidh cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim.](#)

[Cuirfear an clár sin chun feidhme trí bhíthin cláir oibre bhliantúla le linn na tréimhse 2021-2027.](#)

1.4.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh (d'fhéadfadh an breisluch a bheith mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, éifeachtacht mhéadaithe nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn “breisluch a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh” an luach a bhíonn mar thoradh ar idirghabháil an Aontais atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann murach sin ag na Ballstáit dá mbeidís ag feidhmiú leo féin.*

[Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais \(*ex-ante*\)](#)

³⁶

Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Feiniméan trasteorann is ea calaois a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh agus a dhéanann difear do na Ballstáit uile, mar a léirítear sna staidrimh arna bhfoilsíú sna tuarascálacha bliantúla maidir leis an gcomhrac i gcoinne calaoise (“na Tuarascálacha maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint”) Tá gá le beart comhordaithe chun dul i ngleic leis an gcalaois agus chun cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim a éascú. Uirlisí seanbhunaithe iad Hercule, AFIS agus IMS a thacaigh leis na Ballstáit agus leis an Aontas ar an gcaoi sin. Tá an togra dírithe ar an tacaíocht airgeadais do na huirlisí sin a chuíchóiriú, feadh thréimhse an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile.

An luach breise ar leibhéal an Aontais a mheastar a ghinfear (*ex-post*)

Meastar go leanfar leis an gclár seo de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus don Aontas chun calaois a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac, trí ghníomhaíochtaí a mhaoiniú (cúnamh teicniúil agus oiliúint) nach mbeadh ar fáil ar an leibhéal náisiúnta seachas sin, i ngach Ballstát. Cuirfear seirbhísí ar fáil freisin (AFIS agus IMS), seirbhísí is ceart, d’fhonn na cuspóirí a chomhlíonadh, a chur ar fáil do gach Ballstát ar bhealach láraithe agus cothrománach. Déanfar foráil sa chlár seo maidir le coigiltis freisin, mar a rinneadh i gcás ceannachán láraithe rochtana ar bhunachair shonraí ábhartha éagsúla.

1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil eile san am a chuaigh thart

Uirlisí seanbhunaithe de chuid an Aontais Eorpaigh iad Hercule, AFIS agus IMS chun calaois agus neamhrialtachtaí a dhéanann dochar do bhuiséad an Aontais Eorpaigh a chomhrac, agus chun tacú le cúnamh riaracháin frithpháirteach idir údarais riaracháin chustaim agus le comhar leis an gCoimisiún. Rinneadh meastóireachtaí rialta orthu mar aon le suirbhéanna ar shástacht úsáideoirí, a léirigh go soiléir breisluch gach ceann acu.

I gcás Hercule, ba é ba dhéanaí a rinneadh an mheastóireacht mheántéarmach ar Hercule III, a raibh mar chuid di meastóireacht neamhspleách a foilsíodh in Eanáir 2018. Ba é conclúid na meastóireachta go raibh an clár ábhartha, go raibh sásraí i bhfeidhm chun comhleanúnachas a áirithiú agus go raibh sé éifeachtach agus éifeachtúil. Ba léir freisin go raibh breisluch soiléir ann i dtaca le clár dá leithéid a bheith ann ar leibhéal an Aontais, agus go raibh gníomhaíochtaí an chlár inbhuanaithe den chuid is mó.

Mar ghníomhaíocht oibríochtúil, rinneadh suirbhéanna ar shástacht úsáideoirí i dtaca le AFIS mar aon le gníomhaíochtaí iniúchóireachta inmheánaí agus fuarthas meastóireacht ó rannpháirtithe, i gcás oibríochtaí comhpháirteacha custaim. Bhí dearcadh dearfach ann i leith AFIS, agus léirigh na sonraí is déanaí a bhí ar fáil ráta sástachta níos mó ná 80 % ag na húsáideoirí i dtaca le feidhmiúlacht, feidhmíocht agus gníomhaíochtaí oiliúna. Ina theannta sin, ba é conclúid Chúirt Iniúchóirí na hEorpa gur uirlisí éifeachtacha iad an fhaisnéis faoi theachtaireachtaí i dtaca le stádas coimeádán (CSM) agus faoi phraghsanna cothroma a sholáthar feidhmchláir AFIS, mar atá eolaire CSM agus an uirlis faireacháin uathoibrithe, gur uirlisí éifeachtacha iad chun cásanna féideartha calaoise a bhaineann le tuairisc lochtach ar thionscnamh agus gearrluacháil/tearcshonrasc a shainaithint.

Déantar IMS a anailisiú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, faoi chuimsiú na comhpháirte “Tuairisciú agus Anailisiú” de ghrúpa saineolaithe COCOLAF.

1.4.4. *Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Is é Hercule an t-aon chlár de chuid an Aontais Eorpaigh atá dírithe ar chalaois a dhéanann dífeall do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac. Is gníomhaíochtaí oibríochtúla iad AFIS agus IMS a chuireann seirbhísí speisialaithe ar fáil do na Ballstáit. Léirigh na meastóireachtaí ar Hercule gur tacaíocht ar leith an tacaíocht a sholáthraíonn Hercule ó thaobh raon feidhme agus ábhair de.

Faoi ghlárthréimhse ilbhliantúil a bheidh ann amach anseo, bunófar ionstraim nua de chuid an Aontais le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim, chun dul i ngleic leis na dúshlán ábhartha i réimse an rialaithe custaim trí thacú le ceannach trealamh rialaithe chun leasa na n-údarás custaim. Beidh an ionstraim nua ina comhlánú ar Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh, a thabharfaidh tacaíocht theoranta maidir le trealamh a fháil, a bheidh dírithe ar leasanna airgeadais an Aontais a theorannú, agus a bheidh chun leasa údaráis chustaim agus neamhchustaim.

1.5. Fad agus tionchar airgeadais

☒ tréimhse theoranta

- ☒ i bhfeidhm ón 01/01/2021 go dtí an 31/12/2027
- ☒ Tionchar airgeadais ó 2021 go 2027
- ☒ Tionchar airgeadais ó 2021 go 2030 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
- ☐ tréimhse neamhtheoranta
- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe³⁷

☒ Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☒ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí; Rúnaíocht an Chreatchoinbhinsiúin maidir le Rialú Tobac;
- ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí poiblí;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a chuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme i CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn “Nótaí” le do thoil.*

Nótaí

³⁷

Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrtóireacht an Bhuiséid:

<https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>

Cuirfear an Clár chun feidhme trí bhainistíocht dhíreach Mar sin féin, tá an fhéidearthacht ann go gcuirfear beart sonrach chun feidhme faoin mbainistíocht indíreach i dtaca le cistiú rúnaíocht an Chreatchoinbhinsiúin maidir le Rialú Tobac.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo

Leagtar amach na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus dul chun cinn an Chláir in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an dréacht-Rialachán. Déanfar ceanglais thuairiscithe chomhréireacha a fhorchur ar fhaighteoirí tacaíochta airgeadais, i gcomhthéacs na gelár oibre bliantúil.

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, na sásraí cur chun feidhme, na módúlachtaí iocaíochta agus an straitéis atá beartaithe*

Is é OLAF a chuirfidh an Clár chun feidhme trí bhainistíocht dhíreach. Mar sin féin, tá an fhéidearthacht ann go gcuirfear beart sonrach chun feidhme faoin mbainistíocht indíreach i dtaca le cistiú rúnaíocht an Chreatchoinbhinsiúin maidir le Rialú Tobac.

Le bunú Chlár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh leanfar, den chuid is mó, lena raibh ar siúl faoin gelár Hercule atá i bhfeidhm faoi láthair mar aon le AFIS agus IMS. Chonacthas go raibh sásraí cur chun feidhme an chistiúcháin, na módúlachtaí iocaíochta agus na bearta rialaithe éifeachtúil agus comhréireach. Leanfar leo, dá bhrí sin, faoi Chlár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh agus bainfear leas as an tsolúbthacht arna tabhairt isteach leis an Rialachán Airgeadais, a bheidh le glacadh in 2018 (e.g. úsáid cnapshuimeanna, rátaí comhréidh agus costais aonaid).

Múnla a bheidh díláraithe i bpáirt a bheidh sa scagchuid airgeadais a chuirfear i bhfeidhm le frithbheart ó aonad buiséid OLAF i gcás gach idirbheart cé is moite de na híocaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin áit a leanfar módúlachtaí modh láraithe bainistíochta.

In OLAF, thug an tArd-Stiúrthóir (Oifigeach Údarúcháin trí Tharmligean) fotharmligean do gach Ceann Aonaid agus gach Stiúrthóir agus, dá bhrí sin, faoi théarmaí na Rialacha Inmheánacha ar chur chun feidhme an bhuiséid, glacann an t-oifigeach údarúcháin arna ainmniú trí fhotharmligean freagracht iomlán as oibríocht (i.e. freagracht airgeadais agus freagracht oibríochtúil) an chlár agus – tar éis a fhíorú go ndearnadh na cúraimí agus na seiceálacha is gá tríd an bhfeidhm tionscnaimh agus fíorúcháin – caithfidh an t-oifigeach údarúcháin arna ainmniú trí fhotharmligean a chinneadh ar cheart an oibríochta a údarú nó a dhiúltú.

Mionsonraí na gcomhad deontais:

– Déanfar na deontais a bhainistiú go leictreonach ó sheoltar an glao ar thograí go dtí an íocaíocht deiridh trí bhíthin chóras bainistíochta ríomhdheontais an Choimisiúin.

– Beidh na deontais i bhfoirm shimplithe dá bhforáiltear sa Rialachán Airgeadais, a bheidh le glacadh in 2018.

- cnapshuimeanna;
- ráta comhréidh;
- costais aonaid.

Foirmeacha simplithe deontas lena gcuirtear ar chumas oifigeach freagrach údarúcháin OLAF díriú ar an ngníomhaíocht a chur chun feidhme i gceart seachas ar na costais iarbhrí.

– Sainítear sna comhaontuithe deontais caighdeánacha na coinníollacha a bhaineann leis an maoiniú agus na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin deontas, lena n-áirítear caibidil faoi mhodhanna rialaithe.

– Ag brath ar athróga éagsúla (méid an chonartha, castacht an chomhaid) déanfaidh oibreoirí airgeadais agus oibreoirí comhad oibríochtúil rialuithe *ex-post* ar an láthair. Le linn na rialuithe sin déanfar meastóireacht ar cháilíocht agus ar thionchar airgeadais an aschuir.

– Cuirfear módúlachtaí íocaíochta i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach, ar bhonn réamh-mhaoinithe. Déanfar an t-iarmhéid a íoc laistigh de 60 lá ón lá a chuirtear isteach an tuarascáil deiridh.

Mionsonraí chomhaid soláthair OLAF:

– Déantar téarmaí tagartha mionsonraithe a dhréachtú agus is iad a bhíonn mar bhonn leis an gconradh atá i gceist. Déantar foráil maidir le bearta frithchialaoise i ngach conradh a thabharfar i gcrích idir OLAF agus an páirtí seachtrach.

– Déanfaidh OLAF rialuithe ar na codanna ar fad agus maoirsiú ar na hoibríochtaí agus na seirbhísí ar fad arna gcur i gcrích ag an gconraitheoir réime.

– Formhór na gcúraimí a dhéanfar le linn an phróisis soláthair, déanfar iad go leictreonach trí fheidhmchláir éagsúla ríomhsholáthair amhail eTendering, eSubmission, eInvoice etc.

Achoimre:

Is fios de bharr taithí leis na cláir Hercule I, II agus III agus le AFIS gur oibrigh na módúlachtaí íocaíochta agus na modhanna rialaithe go maith agus gur áirithíodh comhlíonadh an Rialacháin Airgeadais.

2.2.2. *Faisnéis maidir leis na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Tá próisis rialaithe inmheánaigh bunaithe ag OLAF a fhéachann le bainistíocht leordhóthanach a áirithiú maidir leis na rioscaí a bhaineann le dlíthiúlacht agus le rialtacht na mbun-idirbheart, ag cur san áireamh cineál ilbhliantúil na gclár chomh maith le cineál na n-íocaíochtaí lena mbaineann.

Is é cuspóir an rialaithe a áirithiú nach dtéann an ráta earráide measta thar 2 % in aghaidh na bliana.

Meastar go bhfuil an leibhéal riosca íseal i gcás na gcomhaontuithe deontais, ós rud é gur údaráis phoiblí nó seirbhísí forfheidhmithe dlí sna Ballstáit iad na tairbhíthe i gcás thart ar 90 % de na gníomhaíochtaí.

Ba cheart a mheas gur riosca íseal an riosca i gcás na gconarthaí arna ndámhachtain ar bhonn próisis soláthair ós rud é go bhfuil cuid shuntasach den chaiteachas cumhdaithe ó thaobh dlí agus airgeadais de ag creatchonradh arna thabhairt i gcrích i gcomhair 1 bhliain agus deis ann é a shíneadh 3 huairé. Leanfar leis an gcur chuige sin, lena gcuimsítear comhdhálacha, staidéir, agus oiliúint i bhfóiréinsic b'fhéidir, na creatchonarthaí arna n-úsáid i gcomhthéacs AFIS, agus cruinnithe agus oiliúint faoi Rialachán 515/97 amach anseo.

I gcomhréir le ceanglais an Choimisiúin, déanfar measúnú riosca gach bliain.

Córais rialaithe inmheánaigh:

Is faoi chúram na n-aonad oibríochtúil a bhíonn na fíoruithe oibríochtúla. In OLAF, fíoraíonn ar a laghad triúr gach comhad (beirt ghníomhaire airgeadais agus gníomhaire oibríochtúil amháin) sula nglactar leo agus sula bpróiseálann an tOifigeach Údarúcháin trí Tharmligean iad.

Baill foirne OLAF arna n-ainmniú ag an oifigeach údarúcháin chun oibríochtaí airgeadais a fhíorú, roghnaítear iad ar bhonn a gcuid eolais, scileanna agus ar bhonn na gcáilíochtaí ar leith atá acu a bhfuil dioplómaí nó taithí ghairmiúil iomchuí mar fhianaise orthu, nó tar éis dóibh clár oiliúna iomchuí a dhéanamh. Glacann siad páirt in oiliúint agus forbairt leantach chun an leibhéal inniúlachta is gá a chaomhnú le himeacht ama.

Is iad gníomhairí fíorúcháin airgeadais aonad buiséid OLAF a dhéanann rialuithe *ex-ante* ar gach idirbheart (deontais agus comhaid soláthair), agus bíonn formheas an Oifigigh Údarúcháin trí Tharmligean ag teastáil chuige sin. Déantar dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart a sheiceáil le linn na rialuithe *ex-ante* sin, ar bhonn seicliostaí. I gcás ina dtugtar earráidí agus/nó laigí faoi deara, déantar na seicliostaí a thabhairt cothrom le dáta d'fhonn an riosca arna shainaithint a chumhdach.

Seiceálann an comhfhreagraí cuntasáíochta na cuntais ar bhonn míosúil faoi mhaoriseacht Oifigigh Údarúcháin trí Tharmligean an aontais buiséid.

Ina theannta sin, is gnách do OLAF measúnú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar éifeachtúlacht a bpríomhchóras rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear na próisis a dhéanann comhlachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an treoir is infheidhme ón gCoimisiún. Bíonn an measúnú ag brath ar líon áirithe beart faireacháin agus foinsí faisnéise lena n-áirítear measúnú riosca bainistíochta, faireachán ar eisceachtaí tuairiscithe, cásanna de neamhchomhlíonadh agus laigí rialaithe inmheánaigh a bhaineann le torthaí iniúchóireachta.

- 2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na geistí gaolmhara arna mbainistiú”), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis (ar an íocaíocht a dhéanamh agus ar dhúnadh an chláir)*

Mheas OLAF gur leor costais na rialuithe sin, ag cur san áireamh seasamh neamhghnách OLAF mar an Oifig atá i bhfeighil ar an gcomhrac i gcoinne calaoise a éilíonn timpeallacht láidir rialaithe. Is é cuspóir an rialaithe a áirithiú nach dtéann an ráta earráide measta thar 2 % in aghaidh na bliana.

Ar bhonn measúnú ar na príomhtháscairí is ábhartha i dtaca le soláthar agus torthaí an rialaithe, rinne OLAF costéifeachtacht agus éifeachtúlacht an chórais rialaithe a mheas agus tháinig sé ar thoradh dearfach.

Téann an measúnú chomh domhain le Leibhéal 3 de ghnáth agus i gcásanna áirithe ina ndearnadh seiceáil ar an láthair, chomh domhain le Leibhéal 4.

I gcás deontas

I dtuarascáil bhliantúil 2017 ar ghníomhaíochtaí, measadh gurb ionann costas iomlán na rialuithe a bhaineann le deontais (i.e. lena n-áirítear costais a bhaineann le rialuithe airgeadais *ex-ante* agus *ex-post*) agus 7.1 % de mhéid iomlán na n-idirbheart lena mbaineann. Tar éis foirmeacha simplithe a thabhairt isteach sa ghlaó ar thograí do 2019, meastar gur féidir costas na rialuithe a laghdú tuilleadh go dtí 6.3 % de na hidirbhearta lena mbaineann.

Níor aimsigh na rialuithe sin aon earráid airgeadais a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar an ndearbhú. Is é sin le rá, go bhfuil an lucht bainistíochta sásta go leor go bhfuil na cuspóirí rialaithe inmheánacha agus cuspóirí na bainistíochta airgeadais á mbaint amach.

I gcás soláthair

Sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí rinneadh costas na rialuithe ar nósanna imeachta soláthair a mheas ag 1.59 % den bhuiséad arna leithdháileadh ar sholáthar.

Is féidir costas na rialuithe a bhaineann le maoiniú féideartha rúnaíocht an Chreatchoinbhinsiúin maidir le Rialú Tobac a mheas ag 1.4 %.

Níor aimsigh na rialuithe *ex-post* aon earráid airgeadais shuntasach a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar an ndearbhú.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i gcomhréir leis na forálacha ábhartha sa Rialachán Airgeadais, mar a luaitear in Aithris 17 agus in Airteagal 6 den togra seo.

Ar an iomlán, na bearta um maolú atá i bhfeidhm cheana féin, áirithítear leo go bhfuil na rioscaí calaoise á mbainistiú go cuí agus go gcoinnítear an leibhéal riosca íseal go maith. Ag cur san áireamh an mheasúnaithe ar riosca calaoise, an timpeallacht rialaithe, na nósanna imeachta atá i bhfeidhm agus misean OLAF, rinneadh cinneadh díriú ar na cuspóirí seo a leanas:

1. Leibhéal ard rialaithe a choinneáil i gcás na geistí arna mbainistiú ag OLAF

Cé gur buiséad beag é buiséad oibríochtúil OLAF agus go mbíonn na hidirbhearta airgeadais teoranta, i ngeall ar an misean atá aige, ní mór dó ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla sa chomhrac i gcoinne na calaoise. Dá bhrí sin, trí thimpeallacht láidir rialaithe a bheith i bhfeidhm i dtaca leis na cistí a bhainistíonn sé, coinníonn OLAF srian ar an riosca calaoise a d'fhéadfadh a bheith ann.

2. An leibhéal sláine is airde a chur chun cinn d'fhoireann OLAF

Tá sé ríthábhachtach go mbíonn cultúr corparáideach ann a fhéachann le sláine na foirne a áirithiú sa chomhrac i gcoinne calaoise. Chuige sin, tá sé tábhachtach rialacha a bheith i bhfeidhm a dtugtar aitheantas dóibh agus atá soiléir do chách.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid nua atá beartaithe

Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir [Ceannteideal.....]	LD/LN ³⁸	ó thíortha de chuid CSTE ³⁹	ó thíortha is iarrthóirí ⁴⁰	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal [21(2)(b)] den Rialachán Airgeadais
1	03 03 Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh	LD	TÁ	TÁ	TÁ	NÍL
	03 03 01 Calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais a chosc agus a chomhrac	LD	TÁ	TÁ	TÁ	NÍL
	03 03 02 Tacú le tuairisciú neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois	LD	TÁ	TÁ	TÁ	NÍL
	03 03 03 Cistiú a chur ar fáil le haghaidh bearta arna ndéanamh i gcomhréir le Rialachán 515/97	LD	TÁ	TÁ	TÁ	NÍL

³⁸ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

³⁹ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁴⁰ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas⁴¹

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	1	An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach
---	----------	---

			2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Tar éis 2027	IOMLÁN
03 03 01 Calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais a chosc agus a chomhrac	Gealltanais	(1)	15.160	15.359	15.662	16.075	16.608	17.270	18.073		114.207
	Íocaíochtaí	(2)	9.023	12.700	14.623	15.500	15.900	16.400	17.500	12.561	114.207
03 03 02 Tacú le tuairisciú neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois	Gealltanais	(3)	0.929	0.941	0.960	0.985	1.018	1.059	1.108		7.000
	Íocaíochtaí	(4)	0.929	0.941	0.960	0.985	1.018	1.059	1.108	iontráil mheabhráin	7.000
03 03 03 Cistiú a chur ar fáil le haghaidh bearta arna ndéanamh i gcomhréir le Rialachán 515/97	Gealltanais	(5)	7.964	8.069	8.228	8.445	8.725	9.073	9.495		60.000
	Íocaíochtaí	(6)	7.566	7.665	7.817	8.023	8.289	8.620	9.020	3.000	60.000
Leithreasuithe de chineál riaracháin	Gealltanais =	(7)	0	0	0	0	0	0	0		

⁴¹ Mar gheall ar shlánú, féadfaidh sé nach réitíonn na suimeanna iomlána le chéile.

arna maoiniú as imchlúdach an chláir ⁴²	Íocaíochtaí										
IOMLÁN leithreasuithe d'imchlúdach an chláir	Gealltanais	=1+ 3+5 +7	24.05 3	24.36 9	24.85 0	25.50 6	26.35 1	27.40 2	28.67 6		181.207
	Íocaíochtaí	=2+ +4+ 6	17.51 8	21.30 7	23.40 0	24.50 8	25.20 7	26.07 8	27.62 8	15.561	181.207

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	7	“Caiteachas riaracháin”
---	----------	-------------------------

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart na “sonraí buiséid de chineál riaracháin” a úsáid arna n-iontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an ráiteas airgeadais reachtach (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha), a uaslódáiltear chuig DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

⁴² Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte “BA”) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	<i>Tar éis 2027</i>	IOMLÁN
Acmhainní daonna		1.502	1.502	1.502	1.502	1.502	1.502	1.502		10.514
Caiteachas riaracháin eile		0.015	0.015	0.015	0.015	0.015	0.015	0.015		0.105
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)	1.517	1.517	1.517	1.517	1.517	1.517	1.517		10.619

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	<i>Tar éis 2027</i>	IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe ar fud na gCEANNTIDEAL den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	25.570	25.886	26.367	27.023	27.868	28.919	30.193		191.826
	Íocaíochtaí	25.012	25.180	23.927	24.518	25.280	26.228	27.377	25.012	191.826

3.2.2. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Blianta	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
---------	------	------	------	------	------	------	------	--------

CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna	1.502	1.502	1.502	1.502	1.502	1.502	1.502	10.514
Caiteachas riaracháin eile	0.015	0.015	0.015	0.015	0.015	0.015	0.015	0.105
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	1.517	1.517	1.517	1.517	1.517	1.517	1.517	10.619

lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7⁴³ den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas eile de chineál riaracháin								
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

IOMLÁN	1.517	1.517	1.517	1.517	1.517	1.517	1.517	10.619
---------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------	---------------

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-implonaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

⁴³ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte “BA”) a chur chun feidhme, taighde indéach, taighde díreach.

3.2.2.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

Blianta	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)							
Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin	10.5	10.5	10.5	10.5	10.5	10.5	10.5
Toscaireachtaí							
Taighde							
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: (i gcoibhéis lánaimseartha) - CA, LA, SNE, INT agus JED ⁴⁴							
Ceannteideal 7							
Arna maoiniú as CEANNTÉIDEA L 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	- sa cheanncheathrú						
	- toscaireachtaí						
Arna maoiniú as imchlúdach an chlár ⁴⁵	- sa cheanncheathrú						
	- toscaireachtaí						
Taighde							
Eile (sonraigh)							
IOMLÁN	10.5	10.5	10.5	10.5	10.5	10.5	10.5

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	6 oifigeach AD: pleanáil straitéiseach, faireachán agus athbhreithniú 4.5 AST: bainisteoirí líne agus fíorú oibríochtúil agus airgeadais
Pearsanra seachtrach	

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

⁴⁴ CA = Ball foirne ar conradh; LA= Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Gairmí Sóisearach i dToscaireacht.

⁴⁵ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

3.2.3. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

Leis an togra/tionscnamh seo:

- ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Blianta	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Tionchar an togra/tionscnaimh ⁴⁶						
	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
Airteagal							

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

[...]

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[...]

⁴⁶ A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.